2025/323

12.2.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/323 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Feabhra 2025

maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an ngalar crúb agus béil sa Ghearmáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/186

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 1015)

(Is é an téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1), pointe (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an galar crúb agus béil a bhíonn ar ainmhithe in ord mamach Artiodactyla agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráig den ghalar crúb agus béil in ainmhithe de speicis liostaithe, tá riosca suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ina bhfuil ainmhithe de speicis liostaithe ar coimeád.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, foráiltear in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar i gcatagóir A, lena n-áirítear an galar crúb agus béil, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Foráiltear in Airteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin gur cuid den chrios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/186 ón gCoimisiún ([4]) ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos ann bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an ghalair crúb agus béil sa Ghearmáin mar fhreagairt ar an ráig a deimhníodh an 10 Eanáir 2025 i stát cónaidhme Brandenburg, gar do theorainn an stáit sin le stát cónaidhme Bheirlín. Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/186 go gcuimseoidh na criosanna cosanta agus faireachais atá le bunú ag an nGearmáin i stát cónaidhme Brandenburg tar éis na ráige sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/186 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an galar crúb agus béil sa Ghearmáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/87 (IO L 2025/186, 28.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/186/oj).

(5) Ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/186, rinneadh athbhreithniú ar na bearta éigeandála atá le cur i bhfeidhm sna criosanna srianta, agus ar an amlíne lena gcur chun feidhme. Mar thoradh air sin, ní mór síneadh a chur le fad na mbeart sin. Dá bhrí sin, ba cheart na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais don Ghearmáin a shainiú ó thaobh spáis agus ama de in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo, chun leathadh an ghalair sa Ghearmáin agus chuig an gcuid eile den Aontas, agus chuig tríú tíortha, a chosc. Ní mór freisin foráil a dhéanamh maidir le soiléireacht ó thaobh raon feidhme beacht na réimsí sin, agus ó thaobh na mbeart atá le cur i bhfeidhm iontu, trína leagan amach i ngníomh dlí de chuid an Aontais, chun cur isteach gan údar maith ar ghluaiseachtaí ainmhithe agus táirgí san Aontas, agus chuig tríú tíortha, a sheachaint.

(6) Thairis sin, ós rud é go bhfuil an t-imscrúdú eipidéimeolaíoch atá ar siúl fós á dhéanamh ag údarás inniúil na Gearmáine, agus go dtí go dtabharfar i gcrích é, agus chun aon chur isteach nach bhfuil údar leis a sheachaint a mhéid a bhaineann le gluaiseachtaí ainmhithe agus táirgí san Aontas, agus chuig tríú tíortha chomh maith, is iomchuí bearta breise a chur i bhfeidhm, is é sin na bearta sin is infheidhme maidir le criosanna srianta breise, dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, tar éis dhul in éag na mbeart éigeandála sa chrios faireachais (na bearta breise). Ba cheart na bearta breise a chur i bhfeidhm i limistéar arna shainiú ó thaobh spáis agus ama de araon i ndáil leis na criosanna cosanta agus faireachais dá bhforáiltear roimhe seo.

(7) Dá réir sin, chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun aon bhacainní gan údar ar thrádáil ag tríú tíortha a sheachaint, is gá athbhreithniú a dhéanamh go mear ar leibhéal an Aontais ar na bearta is infheidhme sna criosanna srianta don ghalar crúb is béil, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais, agus ní mór freisin foráil a dhéanamh maidir le bearta breise a chur i bhfeidhm, i stáit chónaidhme Bheirlín agus Brandenburg sa Ghearmáin i gcomhar leis an mBallstát sin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/186 a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad.

(9) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Áiritheoidh an Ghearmáin an méid seo a leanas:

(a) go mbunóidh údarás inniúil an Bhallstáit sin láithreach criosanna srianta ina bhfuil criosanna cosanta agus faireachais i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin;

(b) go gcuimseoidh an crios cosanta agus an crios faireachais dá dtagraítear i bpointe (a) ar a laghad na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo;

(c) maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais, go gcuirfear i bhfeidhm iad ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Cuirfidh an Ghearmáin na bearta is infheidhme i bhfeidhm maidir le criosanna srianta breise, dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, sa limistéar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus go dtí na dátaí a leagtar amach ann.

Airteagal 3

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/186.

Airteagal 4

Is chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Criosanna srianta a bhunaítear timpeall ar an ráig dheimhnithe

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Ghearmáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
DE-FMD-2025-00001	Crios cosanta le haghaidh ráig DE-FMD-2025-00001: Brandenburg: Landkreis Märkisch-Oderland: — Gemeinde Hoppegarten mit der Gemarkung Hönow, Landkreis Barnim: — Gemeinde Ahrensfelde mit den Gemarkungen Eiche und Mehrow. Berlin: Teile des Bezirks Marzahn-Hellersdorf : — nördlich begrenzt durch die Stadtgrenze entlang der Landsberger Chaussee später Berliner Straße bis zur Mahlsdorfer Straße, — östlich begrenzt von der Mahlsdorfer Straße südlich entlang der Stadtgrenze bis zur Riesaer Straße, — südlich begrenzt von der Riesaer Straße bis Alice-Salomon-Platz, weiter entlang der Hellersdorfer Straße bis zur Einmündung Neue Grottkauer Straße über Märkischer Garten/Feldberger Ring bis zum Fluss Neue Wuhle, — westlich begrenzt durch den Fluss Neue Wuhle in nördlicher Richtung bis Landsberger Allee/Stadtgrenze	11.2.2025
	Crios faireachais le haghaidh ráig DE-FMD-2025-00001: Brandenburg: Landkreis Märkisch-Oderland: — Gemeinde Hoppegarten den Gemarkungen Dahlwitz-Hoppegarten und Münchehofe, — Gemeinde Neuenhagen bei Berlin, — Gemeinde Fredersdorf-Vogelsdorf, — Gemeinde Petershagen/Eggersdorf, — Gemeinde Altlandsberg mit den Gemarkungen Altlandsberg, Bruchmühle, Buchholz und Wegendorf, Landkreis Barnim: — Gemeinde Ahrensfelde mit den Gemarkungen Ahrensfelde, Lindenberg und Blumberg, — Gemeinde Werneuchen mit den Gemarkungen Werneuchen, Krummensee, Seefeld und Löhme, — Gemeinde Panketal mit der Gemarkung Schwanebeck, — Stadt Bernau bei Berlin mit der Gemarkung Birkholz und der Ortslage Helenenau der Gemarkung Börnicke, Landkreis Oder-Spree: — Gemeinde Schöneiche bei Berlin mit der Gemarkung Schöneiche bei Berlin.	11.2.2025

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Ghearmáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	Berlin: — Bezirk Marzahn-Hellersdorf, sofern nicht bereits Teil der Schutzzone, — Bezirk Lichtenberg, — Teile des Bezirks Pankow, — nördlich begrenzt vom Ingwäonenweg 32 Berlin, weiter Straße 73 bis Strömannstraße, Strömannstraße bis Straße 72, Straße 72 bis Alt Karow 51, — östlich begrenzt durch die Bezirksgrenze, ab Bernauer Straße Stadtgrenze, — südlich begrenzt von der Herbert Baum Straße bis Jüdischer Friedhof Weißensee, kompletter Jüdischer Friedhof Weißensee, — westlich begrenzt durch Alt Karow bis Straße 52, Straße 52 bis Straße 45, Straße 45 bis Straße 47, Straße 47 bis Karower Damm, Karower Damm bis Alt-Blankenburg, Alt Blankenburg bis Krugstege - Heinersdorfer Straße, Heinerstdorfer Straße bis Heinersdorfer Graben, Heinersdorfer Graben bis Muspelsteig, Muspelsteig bis Haakonweg, Haakonweg bis Darßer Straße, Darßer Straße bis Roelckestraße, Roelckestraße bis Rennbahnstraße, Rennbahnstraße bis Parkstraße, Parkstraße bis Berliner Straße, Berliner Straße bis Herbert-Baum Straße, — Teile des Bezirks Treptow-Köpenick, — nördlich begrenzt durch die Landesgrenze zu Brandenburg (Landkreis Märkisch-Oderland) sowie im nordwestlichen Verlauf durch die Bezirksgrenze zu Marzahn-Hellersdorf (Forstflächen Jagen 321 sowie Jagen 465), — südwestlich begrenzt von der Genovevastraße, dem Däumlingsweg sowie den Forstflächen Jagen 319 und 320, — südlich begrenzt durch die S- und Regional-Bahn Trasse, — südöstlich begrenzt durch die Schöneicher Straße, Schöneicher Landstraße sowie die Landesgrenze zu Brandenburg (Landkreis Oder-Spree).	
	Crios faireachais le haghaidh ráig DE-FMD-2025-00001: Brandenburg: Landkreis Märkisch-Oderland: — Gemeinde Hoppegarten mit den Gemarkungen Hönow, Dahlwitz-Hoppegarten und Münchehofe, — Gemeinde Neuenhagen bei Berlin, — Gemeinde Fredersdorf-Vogelsdorf, — Gemeinde Petershagen/Eggersdorf, — Gemeinde Altlandsberg mit den Gemarkungen Altlandsberg, Bruchmühle, Buchholz und Wegendorf, Landkreis Barnim: — Gemeinde Ahrensfelde mit den Gemarkungen Eiche, Mehrow, Ahrensfelde, Lindenberg und Blumberg, — Gemeinde Werneuchen mit den Gemarkungen Werneuchen, Krummensee, Seefeld und Löhme,	12.2.2025- 24.2.2025

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Ghearmáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— Gemeinde Panketal mit der Gemarkung Schwanebeck, — Stadt Bernau bei Berlin mit der Gemarkung Birkholz und der Ortslage Helenenau der Gemarkung Börnicke, Landkreis Oder-Spree: — Gemeinde Schöneiche bei Berlin mit der Gemarkung Schöneiche bei Berlin. Berlin: — Bezirk Marzahn-Hellersdorf, — Bezirk Lichtenberg, — Teile des Bezirks Pankow, — nördlich begrenzt vom Ingwäonenweg 32 Berlin, weiter Straße 73 bis Strömannstraße, Strömannstraße bis Straße 72, Straße 72 bis Alt Karow 51, — östlich begrenzt durch die Bezirksgrenze, ab Bernauer Straße Stadtgrenze, — südlich begrenzt von der Herbert Baum Straße bis Jüdischer Friedhof Weißensee, kompletter Jüdischer Friedhof Weißensee, — westlich begrenzt durch Alt Karow bis Straße 52, Straße 52 bis Straße 45, Straße 45 bis Straße 47, Straße 47 bis Karower Damm, Karower Damm bis Alt-Blankenburg, Alt Blankenburg bis Krugstege - Heinersdorfer Straße, Heinerstdorfer Straße bis Heinersdorfer Graben, Heinersdorfer Graben bis Muspelsteig, Muspelsteig bis Haakonweg, Haakonweg bis Darßer Straße, Darßer Straße bis Roelckestraße, Roelckestraße bis Rennbahnstraße, Rennbahnstraße bis Parkstraße, Parkstraße bis Berliner Straße, Berliner Straße bis Herbert-Baum Straße, — Teile des Bezirks Treptow-Köpenick, — nördlich begrenzt durch die Landesgrenze zu Brandenburg (Landkreis Märkisch-Oderland) sowie im nordwestlichen Verlauf durch die Bezirksgrenze zu Marzahn-Hellersdorf (Forstflächen Jagen 321 sowie Jagen 465), — südwestlich begrenzt von der Genovevastraße, dem Däumlingsweg sowie den Forstflächen Jagen 319 und 320, — südlich begrenzt durch die S- und Regional-Bahn Trasse, — südöstlich begrenzt durch die Schöneicher Straße, Schöneicher Landstraße sowie die Landesgrenze zu Brandenburg (Landkreis Oder-Spree).	

IARSCRÍBHINN II

Tuairisc ar an limistéar dá dtagraítear in Airteagal 2	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Brandenburg: Diejenigen Teile des Bundeslands Brandenburg, die innerhalb eines Umkreises von sechs Kilometern um folgende ETRS89-Koordinaten liegen: Breitengrad 52.563232, Längengrad 13.634274. Landkreis Märkisch-Oderland: — Gemeinde Hoppegarten mit der Gemarkung Hönow und Teilen der Gemarkung Dahlwitz-Hoppegarten, — Gemeinde Neuenhagen bei Berlin mit Teilen der Gemarkung Neuenhagen bei Berlin, — Gemeinde Altlandsberg mit Teilen der Gemarkung Altlandsberg, Landkreis Barnim: — Gemeinde Ahrensfelde mit den Gemarkungen Eiche und Mehrow sowie mit Teilen der Gemarkungen Ahrensfelde und Blumberg, — Gemeinde Werneuchen mit Teilen der Gemarkungen Krummensee und Seefeld, — Gemeinde Panketal mit Teilen der Gemarkung Schwanebeck, Berlin: Bezirk Lichtenberg, — Im Osten: Landesgrenze Berlin-Brandenburg, bzw. Bezirksgrenze zum Bezirk Marzahn-Hellersdorf, — Im Norden: Landesgrenze Berlin-Brandenburg, — Im Westen: Entlang des Gleisverlaufs der S-Bahnlinie 75 von S Pölchaustr. Richtung Blankenburg folgend, — Im Süden Bezirksgrenze zu Marzahn Hellersdorf, Bezirk Marzahn-Hellersdorf: — Im Norden: Beginnend S-Bahnhof Gehrenseestr. der Hohenschönhauser Str. und dann der Ahrensfelder Chaussee als Bezirksgrenze in Richtung Norden folgend bis Kreuzung Märkische Allee/Landesgrenze, dann weiter auf der Landesgrenze nach Süden bis Landsberger Allee, weiter nach Osten über Landsberger Chaussee und Berliner Str. bis zur Mahlsdorfer Str., — Im Osten: Von der Mahlsdorfer Str. südlich entlang der Stadtgrenze bis zur Riesaer Str., — Im Süden: Von der Riesaer Str. bis Alice-Salomon-Platz, weiter entlang der Hellersdorfer Straße bis zur Einmündung Cecilienstr., weiter auf der Celilienstr. bis Blumberger Damm, dann dem Blumberger Damm nördlich folgend bis Kreuzung Landsberger Allee, der Landsberger Allee westlich folgend bis Bezirksgrenze S-Bahnlinie 75, — Im Westen: S-Bahnlinie 75 von der Landsberger Allee entlang Bezirksgrenze bis S-Bahnhof Gehrenseestr	25.2.2025-11.4.2025